C/2026/4205

27.7.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

(C/2026/4205)

Dírítear aird na ndaoine agus na n-eintiteas a ainmnítear in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca leis an staid sa Libia, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Cuirtear in iúl do na ndaoine agus na n-eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 8 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 15 Bealtaine 2027**, in éineacht le doiciméadacht tacaíochta, gur cheart breathnú arís ar an gcinneadh iad a chur ar an liosta thuasluaite. Is ceart aon iarraidh den chineál sin a chur chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1.
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
Belgique/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le h Airteagal 17(2) de Chinneadh (CBES) 2015/1333 agus Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2016/44, ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe.

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[1] IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.
[2] IO L 12, 19.1.2016, lch. 1.